



COLÁISTE AILIGH



RÉAMHEOLAIRE PROSPECTUS



etb
Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and
Training Board



Fáilte go Coláiste Ailigh.

Is iar-bhunscoil lán-Ghaeilge í Coláiste Ailigh faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. Tá ár gcultúr agus teanga na Gaeilge i gcoilár gach a ndéanaimid anseo sa scoil. Cuirimid fáilte roimh gach dalta ar mhian leo a gcuid oideachais iar-bhunscoile a chomhlánú trí mheán na Gaeilge, daltaí nach bhfuil a gcuid bunscolaíochta déanta acu trí mheán na Gaeilge san áireamh. Táimid ag súil go mór le bualadh le mic léinn a bhfuil suim acu freastal ar Cholaiste Ailigh agus fáilte a chur roimh a gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí ar mhaith leo Coláiste Ailigh a phlé mar rogha fhéideartha dá bpáiste.

Léiríonn an lógó cur síos ar na bunluachanna atá ag Coláiste Ailigh mar scoil ETB. Is scoil stáit muid a fhreastalaíonn ar chailíní agus ar bhuachaillí araon agus fáiltimid roimh dhaltai de gach creideamh agus cúla. Cinntimid go bhfuil ár ngníomhaíochtaí scoile ar fad dírithe ar shármhaitheas san oideachas, cúram, comhionannas, pobal agus meas. Mar phobal scoile is iad seo na bunluachanna atá mar bhonn agus taca ag gach rud a dhéanaimid i gColáiste Ailigh.



Tá ardmhianta againn dár mic léinn uile le clú agus cáil náisiúnta orainn ó thaobh na hacadúlachta de agus as leibhéil arda tacaíochta a thugann muid dár mic léinn go mbainfidh siad a lánacmhainneacht amach agus dá bharr faigheann ár mic léinn sár-thorthaí ina gcuid scrúduithe stáit de shíor. Cuirimid curaclam cuimsitheach agus rogha leathan ábhar ar fáil. Tá pobal na scoile thar a bheith bródúil as ár n-iardhaltaí agus iad ag tógáil slíthe beatha rathúla, cuid mhór ag freastal ar Ollscoileanna agus ar Cholaistí ar fud na hÉireann agus níos faide i gcéin thar na

blianta.

Táimid an-bhródúil as an tacaíocht a chuireann muid ar fáil dár ndaltaí agus tá córais éifeachtacha i bhfeidhm againn chun aon cheisteanna a réiteach sula dtagann siad chun cinn. Is beag scoláirí nach mbeidh tacaíocht bhreise de dhíth orthu le linn a gcuid ama ar scoil. Tá an t-atmaisféar tacúil le feiceáil sa mhothú a fhaigheann tú agus tú ag siúl timpeall na scoile.

Tá éagsúlacht na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim den chéad scoth againn agus freastalaíonn muid ar raon leathan gníomhaíochtaí spóirt, ceoil agus cultúir. Bíonn go leor gníomhaíochtaí againn i rith na bliana ina mbíonn pobal iomlán na scoile páirteach iontu. Cuirimid réimse leathan de thurais scoile ar fáil freisin dár ndaltaí a chlúdaíonn na héagsúlachtaí spéise atá laistigh dár scoil.

Ba mhaith linn go mbeidh ár ndaltaí sásta i gColáiste Ailigh. Is iad barr feabhais san oideachas, tacaíocht na scoláirí agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim na piléir ríthábhachtacha i saol na scoile i gColáiste Ailigh. Is féidir linn a rá go bródúil go bhfuil an-tacaíocht ag ár gcuid mac léinn, go bhfuil sármhaitheas acu ina gcuid staidéir acadúla agus go mbíonn an deis acu taitneamh a bhaint as réimse leathan gníomhaíochtaí agus eispéiris le linn a gcuid ama i gColáiste Ailigh.

Tá lúcháir orainn go bhfuil tú ag glacadh am le machnamh a dhéanamh ar Cholaiste Ailigh. Tá súil againn, trí na foinsí éagsúla eolais atá ar fáil, agus trínár dtráthnóna oscailte gur éirigh linn ceist ar bith a bhí agat a fhreagairt. Mar sin féin, ná bíodh drogall ort scairt a chur ar an scoil más mian leat labhairt liomsa, nó le ball foirne ar bith, maidir le gné ar bith de shaol na scoile anseo i gColáiste Ailigh. Bheadh an-áthas orm labhairt leat.



Principal's Welcome

Welcome to Coláiste Ailigh

Coláiste Ailigh is an Irish medium post primary school under the patronage of Donegal Education and Training Board. Irish culture and language are at the heart of everything we do here. We welcome all students who wish to complete their post-primary education through the medium of Irish, including students who may not have completed their primary schooling through Irish. We very much look forward to meeting prospective students and welcoming their parents/guardians who wish to discuss Coláiste Ailigh as a potential option for their child.



This logo describes the core values of Coláiste Ailigh as an ETB school. We are a state school which accommodates both girls and boys and we welcome students of all faiths, beliefs and backgrounds. We ensure that all our school activities are focused on excellence in education, care, equality, community and respect. As a school community these are the core values that underpin everything we do in Coláiste Ailigh.

We have very high aspirations for all our students. We are renowned nationally for academic achievements and our high levels of support in guiding students to reach their full potential, thus our students consistently excel in their state examinations. We offer a comprehensive curriculum and vast array of subject choices. Over the years our school community has taken great pride in seeing our past pupils build successful careers with many attending Universities and Colleges throughout Ireland and further afield. We are very proud of the supports we provide in the school and we have effective systems in place to capture any issues before they arise. There are very few students who will not require additional support during their five or six years in school. The supportive atmosphere is evident in the feeling that you get when you walk around our school.

The variety of extra-curricular activities is first class and we cater for an array of sporting, musical and cultural activities. We have many activities throughout the year that involve the entirety of our student population. We also offer a vast array of school trips to our students that cover the variety of interests that exist within our school.

We want our students to be happy in Coláiste Ailigh. The pillars of academic excellence, student support and extracurricular activities are essential to school life in Coláiste Ailigh. We are very proud to say that our students are very well supported, excel in their academic studies and have the opportunity to enjoy a huge variety of activities and experiences during their time in Coláiste Ailigh.

We are delighted that you are taking the time to consider Coláiste Ailigh. We hope, through the various sources of information that are available, and through our open evening, that we have managed to answer any queries you might have. However, please do not hesitate to give the school a call should you wish to speak to me, or any member of staff in regard to any additional questions you might have. I would be delighted to speak with you further.

Le meas,
Seán Mac Suibhne,
Príomhoide

Contents	
Fáilte Ón Phríomhoide	2
Principal's Welcome	3
Stair na Scoile	4
History of the School	4
Ráiteas Misin	5
Mission Statement	5
Tréadchúram i gColáiste Ailigh	6
Pastoral Care in Coláiste Ailigh	6
Comhairle na nDaltaí	6
Student Council	6
Seachtain Seas an Fód	7
Stand Up	7
Gradaim	8
Awards	8
Margadh Nollag	8
Christmas Market	8
Pobal	9
Community	9
Buntáistí an Dátheangachais	10
Advantages of Bilingualism	10
Áiseanna sa scoil	11
Facilities in the school	11
Imeachtaí Seach-Churaclaim	12
Extra Curricular Activities	12
Cláracha	16
Programmes	16
An tSraith Shóisearach	16
Junior Cert	16
An Idirbhliain	17
Transition Year Programme	17
An Ardteistiméireacht	18
Leaving Certificate	18
Turais Scoile	19
School Tours	19
Teagmháil agus Nascanna	20
Contact and Links	20





Teach Sprackburn



Is coláiste pobail measctha é Coláiste Ailigh. Bunaíodh é sa bhliain 2000 chun freastal ar scoláirí i mBaile Leitir Ceanainn agus sa cheantar máguaird. Tá 325 scoláire ag freastal ar an scoil faoi láthair.

Is í an Ghaeilge phríomhtheanga chumarsáide na scoile. Braitheann an Coláiste go mór ar chomhoibriú na scoláirí i leith caomhnú an teanga, í a choimeád mar theanga bheo, láidir i bpobal na scoile agus sa réigiún áitiúil. Teagasctar gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas na nuatheangacha iasachta). Bítear ag dréim leis go labhrófar Gaeilge idir mhúinteoirí, scoláirí agus cuairteoirí eile thart timpeallacht na scoile, ar thurais agus le linn imeachtaí scoile eile.

Iarrfar ar scoláirí meas a thaispeáint don Ghaeilge i gcónaí agus gach iarracht a dhéanamh í a labhairt lasmuigh de thimpeallacht na scoile nuair is féidir. Tá sé go hiomlán in éadan spiorad agus éiteas an Choláiste gan an Ghaeilge a labhairt. Taispeánann sé dímheas don teanga agus do phobal an Choláiste i gcoitinne.

Ní Gaeilgeoir é/i gach tuismitheoir agus ar an ábhar sin déantar cuid d'obair na scoile (cruinnithe tuismitheoirí, mar shampla) trí mheán an Bhéarla nuair is gá, agus eisítear comhfhreagras dátheangach i gcónaí do thuismitheoirí.

Coláiste Ailigh is a mixed second level school founded in September 2000 to cater for pupils from Letterkenny and surrounding areas. There are currently 321 students attending the school.

The school teaches and communicates with students through Irish. Great emphasis is placed on Irish as the language of interaction between staff, students and the school community, ensuring that the language is a living, thriving language not only in the school, but in the local community as well. All subjects are taught through Irish (with the exception of modern foreign languages) and Irish is used at all school events, both within and outside school. We hope to instil in students respect for the Irish language and hope that they take every opportunity also to use it outside school. Not to speak Irish disrespects the language and opposes the ethos and spirit of Coláiste Ailigh.

Not all parents have Irish and accordingly some school business is conducted through English as required, for example parent teacher meetings, and all communication is issued bilingually to parents.

Cuireann an Coláiste, i gcomhpháirtíocht leis an phobal uilig, oideachas d'ard chaighdeán ar fáil trí mheán na Gaeilge do mhuintir Leitir Ceanainn agus na ceantair máguaird. Cuireann sí roimpi meas don chultúr gaelach a chothú i bpobal na scoile agus creideann sí sa chothromaíocht, i luach an duine agus i spiorad an náisiúin.

Cuireann sí roimpi dea-thréithe pearsantacht, spioradáltacht, moráltacht agus sibhialtacht an duine a fhorbairt agus a spreagadh.

In active partnership with the whole community the Coláiste is committed to offering high-quality education through the medium of Irish to the people of Letterkenny and surrounding areas. The school promotes respect for Gaelic culture in the school community and believes in fairness, the value of the individual and in the spirit of the nation.

The school promotes the development of the student's personality, spirituality, morality and civility.

Buntáistí an Dátheangachais

Advantages of Bilingualism

- Bíonn an dalta líofa sa Ghaeilge!
- Faightear marcanna breise i scrúdú na hArdteistiméireachta as na scrúduithe a dhéanamh as Gaeilge (suas go 10% in achan ábhar)
- Bíonn 50% do na marcanna sa scrúdú Gaeilge don scrúdú cainte agus cluastuisctint.
- Bíonn sé níos éasca do dhaltai tríú teanga a fhoghlaim.
- Léiríonn taighde go bhfuil níos mó féinmhuiníne ag daltaí dátheangacha agus go mbíonn scileanna géara anailíse agus smaointeoireacht iltreoch acu.
- Tá fáil ar níos mó poist do dhaltai le Gaeilge mar shampla: sna meáin chumarsáide, múinteoireacht, seirbhís phoiblí, turasóireacht, aistriúchán, fógraíocht agus An Garda Síochána
- Glacadh níos fearr le cultúir eile
- Cruthaíocht níos fearr chomh maith le gastacht intinne

- Students are fluent in Irish!
- Extra marks are awarded for completing Leaving Certificate subjects through Irish (Up to 10% extra in every subject)
- 50% of the marks are awarded for completing the Leaving Certificate Irish Oral and Aural exams through Irish.
- It is easier for students to learn a third language
- Research shows that students who are bilingual are more self-confident and have keen analytic and divergent thinking skills
- There are more jobs available for students with Irish, for example, the media, teaching, public services, tourism, translation, advertising and in An Garda Síochána.
- Students have a better understanding of other cultures
- Students also have enhanced creativity and mental agility



Tír gan Teanga, Tír gan Anam



Tá foireann díograiseach Tréadchúraim againn anseo sa scoil a oibríonn go dícheallach ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht achan bhall de phobal na scoile. Bíonn na bliainmhúinteoirí agus na hoidí ranga ag obair as lámha a chéile le cinntiú go dtapaíonn achan dalta an deis le fás agus forbairt.

We have a dedicated pastoral care team here in the school, who work diligently to ensure the health and safety of every member of the school community. The year heads and class tutors work in tandem seeing to it that all students reach their potential.



Comhairle na nDaltaí

Tá Comhairle na nDaltaí bríomhar agus gníomhach againn anseo i gColáiste Ailigh. Tá beirt bhall ó achan rang sa scoil ar an chomhairle agus oibríonn siad go dian dícheallach ar mhaithe na scoile le cruinnithe rialta acu i rith na bliana. Tá guth an scoláire lárnach sa scoil agus tugann muid tús áite dó.

We have an extremely active and vibrant Student Council here in Coláiste Ailigh. The council comprises two students from every class in the school, and they work diligently for the benefit of the whole school community with regular meetings throughout the year. We recognise and prioritise the student voice in the school.



Student Council

Leagann an scoil béim láidir ar chomhionannas agus bhí seachtain bhríomhar againn i mbliana ag déanamh ceiliúradh ar sheachtain Seas an Fód. Ó dhíospóireachtaí go díolachán cistí, tá muid ag súil le himeachtaí na bliana seo chugainn cheana féin!

Coláiste Ailigh places great emphasis on equality and we had an event filled week this year celebrating Stand Up week. From debates to cake sales, we are already looking forward to next year's events!





Gné amháin de chur chuige iomlánaíoch i leith oideachais i gColáiste Ailigh ar a bhfuil clú agus cáil nó éachtaí acadúla na ndaltaí. Mar shampla, mar aitheantas ar ardthorthaí i scrúduithe na hArdteistiméireachta, bronnadh scoláireachtaí iontrála ó ollscoileanna, agus i réimse na heolaíochta, chun barr feabhais na ndaltaí a aithint i réimse ETIM, bronnadh scoláireachtaí ó Fhondúireacht Naughton agus Ad Astra, chomh maith le scoláireachtaí do staidéar ar an Mhór Roinn agus sna Stáit Aontaithe.

One aspect of the holistic approach to education in Coláiste Ailigh is the renowned academic achievements of our students. For example, in recognition of the top grades in Leaving Certificate Examinations, our students have been awarded entrance scholarships by universities, whilst academic excellence in STEM subjects has resulted in scholarships from the Naughton Foundation and Ad Astra, as well as scholarships to study in Europe and the United States.

Margadh Nollag

Bíonn Margadh Nollag den chéad scoth sa scoil ach an bhliain agus is daltaí na hidirbhliana agus Máistreás Uí Ruadháin a eagraíonn é. Bíonn fáilte roimh chách, daltaí scoile, daltaí bunscoile agus tuismitheoirí agus bíonn atmaisféar ar dóigh ann. Is iomaí rud a bhíonn ar fáil ann ó bhia blasta go maisiúcháin Nollag galánta. Bí linn i mbliana!



Christmas Market

The school has a fantastic Christmas Market every year, which is organised by the Transition year students and Máistreás Uí Ruadháin. Everyone is welcome, our students, primary school students and parents and there is always a lovely festive buzz in the school. There are many things on offer from delicious food to elegant Christmas decorations. Join us this year!



Buntáistí Acadúla

Éiríonn chomh maith nó níos fearr le páistí i scoileanna tumoideachais le hais páistí i scoileanna lán-Bhéarla (Gilleece et al., 2012; McCoy, Quail agus Smyth, 2012a; Parsons agus Lyddy, 2016).

Mar an gcéanna lena bpiaraí, baineann páistí le riachtanais speisialta agus le riachtanais bhreise oideachais buntáistí amach sa chóras tumoideachais i go leor de na réimsí céanna acadúla agus forbartha: an dátheangachas, cumas sa Ghaeilge, buntáistí acadúla san iar-bhunscoil, féinmhuinín agus cultúr dearfach scoile (Nic Aindriú, 2019).

Buntáistí Teangeolaíocha

Baineann páistí sa chóras tumoideachais ardchumas amach i gcoitinne sa Bhéarla (Foras Taighde ar Oideachas, 2024; Ó hAiniféin, 2008; Parsons agus Lyddy, 2016).

Cothaíonn an córas tumoideachais inniúlacht níos airde sa Ghaeilge, ná mar a chothaítear nuair a dhéantar staidéar ar an nGaeilge mar ábhar amháin (Harris et al., 2006; Ó Duibhir, 2018).

Tacaíonn an tumoideachas le dearchtaí dearfacha i leith fhoghlaím na Gaeilge (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; Ó Duibhir et al., 2017).

Buntáistí Ilteangacha

Tríd an nGaeilge a fhoghlaím, tá páistí páirteach sa phobal comhaimseartha ilteangach. Sa tumoideachas, léiríonn páistí spéis i dteangacha eile a fhoghlaím chomh maith (Dillon, 2009; Kiely et al., 2024).

Sa tumoideachas, léiríonn páistí bua i bhfoghlaím an tríú teanga (Prats Porcar, 2013).

I gcás tuismitheoirí a labhraíonn teangacha eile seachas an Ghaeilge nó an Béarla sa bhaile, feiceann siad na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas chun cur le cumas ilteangach a bpáistí (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023).

Buntáistí Sóisialta

I scoileanna lán-Ghaeilge, léiríonn páistí roinnt buntáistí sóisialta maidir le cairdeas a dhéanamh agus a bhuanú (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a).

Cultural and Intercultural Advantages

Sa tumoideachas, faigheann páistí níos mó deiseanna a bheith ag plé leis na healaíona agus le himeachtaí cultúrtha (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; McCoy, Quail agus Smyth, 2012b).

I scoileanna tumoideachais, léann páistí níos minice mar chaitheamh aimsire (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a).

Sa tumoideachas, faigheann páistí tuiscint níos doimhne ar an gcultúr Gaelach agus tugtar deis dóibh baint a bheith acu le snáithe uathúil agus saibhir d'oidhreacht chultúrtha shocháí na hÉireann (CNCM, 2019).

Léiríonn siad feasacht ar imeachtaí staire agus ar an mbéaloidas, chomh maith le siombailí a bhaineann le féiniúlacht Eorpach (Lennon Malbasha, Dautel agus Taylor, 2022). Léiríonn siad spéis freisin san fheasacht idirchultúrtha (Kiely et al., 2024).

Buntáistí CognaíochaSa

Sa tumoideachas, léiríonn páistí roinnt buntáistí cognaíocha, go háirithe maidir le tascanna casta feidhm feidhmiúcháin, rud a chiallaíonn go bhfuil siad in ann rudaí a shórtáil agus a rangú (Stephens, 2013).

Léiríonn siad buntáistí meititheangeolaíocha freisin, rud a chiallaíonn go bhfuil siad in ann smaoineamh ar ghnéithe éagsúla den teanga agus iad a phlé, mar shampla, gramadach agus comhréir (Dillon, 2009; Harris agus O'Leary, 2012; Kiely et al., 2024; Prats Porcar, 2013).

Academic Advantages

Children in Irish-medium schools perform as well or better than children in Englishmedium schools (Gilleece et al., 2012; McCoy, Quail and Smyth, 2012a; Parsons and Lyddy, 2016).

As with their peers, children with special and additional needs who attend Irish-medium education gain advantages in many of the same academic and developmental areas: bilingualism, ability in Irish, academic advantages in postprimaryschool, self-confidence and a positive school culture (Nic Aindriú, 2019).

Linguistic Advantages

Children in immersion education generally achieve high proficiency in English(Educational Research Centre, 2024; Ó hAiniféin, 2008; Parsons and Lyddy, 2016).

Irish-medium education helps children achieve a higher proficiency in Irish, thanwhen Irish is studied as a subject only (Harris et al., 2006; Ó Duibhir, 2018).

Immersion education helps children to develop positive attitudes towards learningIrish (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; Ó Duibhir et al., 2017).

Plurilingual Advantages

In learning Irish, children become part of the contemporary plurilingual community.Children in immersion education also show an interest in learning other languages(Dillon, 2009; Kiely et al., 2024).

Children in immersion education show an advantage in learning a third language(Prats Porcar, 2013).

Parents of children who speak languages other than Irish or English at home seethe benefits of immersion education in contributing to an increase in their children'splurilingual ability (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean and Ó Duibhir, 2023).

Social Advantages

Children in Irish-medium schools show some social advantages in terms of making and maintaining friendships (McCoy, Quail and Smyth, 2012a).

Cultural and Intercultural Advantages

Children in immersion education have increased opportunities to experience thearts and cultural events (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; McCoy, Quail andSmyth, 2012b).

Children in Irish-medium schools read for pleasure more frequently (McCoy, Quailand Smyth, 2012a).

Children in immersion education deepen their understanding of Irish culture,allowing them to share in a unique and rich strand of the cultural heritage of Irishsociety (CNCM, 2019). They demonstrate an awareness of historical events andfolklore, as well as symbols of European identity (Lennon Malbasha, Dautel andTaylor, 2022), and also show an interest in developing intercultural awareness (Kielyet al., 2024).

Cognitive Advantages

Children in immersion education show some cognitive advantages, especially inengaging in complex executive function tasks e.g. sorting and classifying items(Stephens, 2013). They also show advantages in metalinguistic skills, namely, being able to think aboutand discuss different aspects of language, e.g. grammar and syntax (Dillon, 2009;Harris and O'Leary, 2012; Kiely et al., 2024; Prats Porcar, 2013).

Tá an t-ádh dearg linn scoil úrscothach a bheith againn anseo i gColáiste Ailigh. Tá gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta ailtireachta bronnata ar an scoilfhoirgneamh. Cuireann saotharlanna, teanglann, leabharlann agus seomraí praiticiúla nua-aimseartha le seomraí ranga fairsinge atá foirfe do theagasc agus foghlaim.

Tá turas fíorúil curtha le chéile againn ag léiriú na háiseanna uile sa scoil. Bain taitneamh as! Téigh go dtí an Cód MF thíos!



We are very lucky to have a state of the art school building here in Coláiste Ailigh, a building that has received national and international architectural awards. The laboratories, language laboratory, library and modern practical rooms complement the spacious classrooms, all providing a perfect environment for teaching and learning.

We have put together a virtual tour showcasing all the facilities in the school. Enjoy! Visit the QR code below!



Is mór iad na gradaim náisiúnta atá bainte amach ag foirne Choláiste Ailigh thar na blianta ó chispheil go sacar agus ó pheil ghaelach go snámh agus lúthchleasaíocht, gan trácht ar scoil spórtúil na bliana.

Amongst the many national titles won by school teams over the years from basketball to soccer and from Gaelic football to swimming and athletics, not forgetting Secondary School Sports School of the Year!


Spórt	Sport
Cispheil	Basketball
Comórtas 7 a taobh	Seven-a-side
Peil Ghaelach	Gaelic Football
Sacar	Soccer
Snámh	Swimming
Rugbaí	Rugby
Lúthchleasaíocht-5k	Athletics-5K
Leadóg	Tennis
Seóléimneach	Showjumping



Comórtaisí ó Chaint Phoiblí go
Junk Kouture, ó Eolaí Óg go Scléip

Competitions from Public
Speaking to Junk Kouture, from
Young Scientist to Scléip

Imeachtaí Seach-Churaclaim	Extra Curricular Activities
Drámaíocht	Drama
Díospóireacht	Debating
Ealaín	Art
Eolaí Óg na Bliana	BT Young Scientist
Scifest	Scifest
Grúpa Ceoil	Music Group
Cór Scoile	School Choir
Comórtais Fhilíochta	Poetry Competitions
Turasanna	Tours
Ceolchoirmeacha	Concerts
Brat Glas	Green Flag
Comórtas Grianghrafadóireachta	Photography Competition
Caint Phoiblí	Public Speaking



Leanann gach scoláire cúrsa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus dhá bhliain sa tSraith Shinséarach, tá rogha ag daltaí tabhairt faoi chúrsa Gairmchláir na hArdteistiméireachta. Bíonn rogha ag scoláirí an Idirbhliain a dhéanamh. Roghnaíonn tromlach na ndaltaí cúrsa na hIdirbhliana a dhéanamh.

Students undertake a three year Junior Cycle and a two year Senior Cycle, students may also opt to undertake the Leaving Certificate Vocational Programme. Students have the opportunity to undertake Transition year, and the majority of students do so.

An tSraith Shóisearach

Junior Cert

Rinneadh an tSraith Shóisearach úr a sheoladh sna scoileanna in 2014.

The New Junior Cycle was launched in schools in 2014.

Tá réimse leathan ábhair ar fáil anseo i gColáiste Ailigh

We currently offer a wide subject choice here in Coláiste Ailigh as listed below:


Tabharfaidh an dalta faoi achan ábhar thíos	Students undertake all the below subjects:
Gaeilge	Irish
Béarla	English
Matamaitic	Mathematics
Tíreolaíocht	Geography
Stair	History
Eolaíocht	Science
Fraincis/Gearmáinis	French/German
Treoir	Guidance
Corpoideachas	Physical Education
OSSP	CSPE
Ríomhaireacht	Computers
Creideamh	Religion
OSPS	SPHE

Roghnaíonn an dalta dhá ábhar as an liosta thíos	Students choose two subjects from the list below:
Ceol	Music
Grafaici	Graphics
Amharc-ealaín	Visual Art
Staidéar Gnó	Business Studies
Eacnamaíocht Bhaile	Home Economics
Teicneolaíocht Adhmaid	Wood Technology



	TY Subjects include:
Gaeilge	Irish
Béarla	English
Matamaitic	Mathematics
Tíreolaíocht	Science
Fraincis	French
Gearmáinis	German
Corpoideachas	Physical Education
OSSP	CSPE
Ceannasaíocht	Leadership
Adhmadóireacht	Technology
Ríomhaireacht	Computers
Creideamh	Religion
OSPS	SPHE
Fealsúnacht	Philosophy
Ceol	Music
Ealaín	Art
Cócaireacht	Cooking
Fiontraíocht	Enterprise
Gairmthreoir	Career Guidance
Rialacha Bóithre	Rules of the Road
Teanga chomharthaíochta	Sign Language Course
Féin Chosaint	Self Defence
Garchabhair	First Aid
Comórtais Fiontraíochta	Enterprise Competitions
Eolaí Óg	BT Young Scientist
Feasacht ar Mheabhair Shláinte	Mental Health Awareness
Códú	Coding
Carthanachtaí	Charities
Sláinte Ghnéis	Sexual Health
Meantóireacht	Mentoring
Bia Slaintiúil	Safe Food
ECDL	
Tógáil Foirne	Team Building
Agus tuilleadh eile	And much more

Chomh maith le Taithí Oibre Seachtainiúil
Along with Weekly Work Placement



Tabharfaidh an dalta faoi achan ábhar thíos	Students undertake all the subjects below:
Gaeilge	Irish
Béarla	English
Matamaitic	Mathematics
Creideamh	Religion
OSPS	SPHE
Corpoideachas	Physical Education
Gairmthreoir	Career Guidance

Roghnaíonn an dalta Ceithre ábhar as an liosta thíos	Students choose four subjects from the list below
Gnó	Business
Bitheolaíocht	Biology
Fisic	Physics
Ceimic	Chemistry
GDC	Design & Communications Graphics
Ealaín	Art
Tíreolaíocht	Geography
Stair	History
Ceol	Music
Eacnamaíocht Bhaile	Home Economics
Fraincis	French
Gearmáinis	German
Staidéar Foirgníochta	Construction Studies
Corpoideachas	Physical Education



Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Leaving Certificate Vocational Programme

Oideachas Fiontraíochta mar chuid den GCAT

Students study: Enterprise Education as part of LCV





Teagmháil *Contact*

Coláiste Ailigh
Cnoc na Móna
Leitir Ceanainn
Co Dhún na nGall
F92 N2HE

Fón 074 91 25943
Rphost: colaisteailigh@donegaletb.ie



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and
Training Board

